C/2024/3503

28.5.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1488 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

(C/2024/3503)

Dírítear aird na ndaoine a luaitear san iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1484 ón gComhairle ([1]), agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle ([2]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1488 ón gComhairle ([3]) a bhaineann le sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 13(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1485 arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/1488, ar na daoine tuairisc a thabhairt laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn IV faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Ballstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gur teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha atá ann.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a léirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme 2024/1488.

([1]) IO L, 2024/1484, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1484/oj.
([2]) IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.
([3]) IO L, 2024/1488, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1488/oj.